



POLASÁÍ CÚRAM  
LEANAÍ 2021

# POLASÁI i LEITH CÚRAM LEANAÍ

## Coláiste Uí Chadhain

---

### Réamhfhocal

Is doiciméad é seo le treoir a thabhairt do dhaoine atá ag plé le páistí sna Coláistí Samhradh chun a cinntiú go mbeidh na treoracha, polasaithe agus nósanna imeachta dréachta agus i bhfeidhm acu ar mhaithe le dul chun cinn forbairt na bpáistí agus le iad a chosaint ó mí úsáid.

Is í aidhm an doiciméad seo ná treoir a thabhairt ar Pholasáí Forbairt agus Cosaint Leanaí a dhreachadh. De thoradh reachtaíocht nua agus forbairtí pholasaithe a bhaineann le cosaint leanaí beidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar phé pholasáí a leagfar amach le cinntiú go mbeidh sé chomhlíontach leis an dlí.

Caithfidh pé pholasáí a leagtar amach a bheith bunaithe air, nó a bheith i gcomhréir le:

- *Tús Áite do Leanaí Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2017)* agus
- *Child Protection and Welfare Practice Handbook (Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte, 2017)*
- *Ár nDualgas Cúraim - Prionsabail an Deá-chleachtais le cosaint a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ( Roinn Sláinte agus Leanaí 2002).*
- 

### Úsáid an Treoir:

Baineann an treoir seo feidhm as ceisteanna le cur ort féin le freagairt le cabhrú leat athbhreithniú a dhéanamh ar an polasaí atá agat nó le ceann nua a dhreachadh. Ma tá ceanteideal nach noireann duit fág ar lár é.

Beidh an polasaí bunaithe ar measúnú riosca bunaithe ar imeachtaí na bpáistí agus an teagmháil a bhíonn ag páistí le daoine eile. Cuirfear béim ar pháistí a mbeadh riachtanais sa bhreis acu, mar shampla na páistí is óige agus páistí a mbeadh máchail nó lagú ag baint leo. Beidh polasaí sa bhreis ag teastáil le plé le cosaint agus cúram na páistí seo.

### **Polasaí**

Ba cheart go mbeadh polasaí cosaint leanaí ag gach eagraíocht/grúpa atá ag plé le páistí – ina measc an Choláiste, an Roinn Oideachas, Roinn na Gaeltachta, Mná Tí agus eile. Ba cheart go mbeadh sé soiléir sna polasaithe seo cén freagracht atá i gceist, cé atá i gceannas ar imní chosaint leanaí a thaifead agus a phlé leis na húdaráis cuí agus an polasaí a chur i bhfeidhm.

### Nithe thábhachtach le tabhairt san áireamh:

Tugtar le fios nach mbeidh an polasaí cosaint agus leas pháistí éifeachtach mura mbíonn sé:

- Scríofa go soiléir
- Curtha i bhfeidhm, i.e. go gcuirtear na polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm agus go mbeidh iarmhairtí i gceist muna gcuirtear i bhfeidhm iad

- Go mbíonn baill foirne, mná tí agus muintir an teaghlach, múinteoirí agus cinnirí páirteach i ndearadh an pholasaí más féidir, nó ar a laghad, go gcuirtear in iúl dóibh é agus go dtuigeann siad go soiléir cén chaoi le hiad a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithnithe go rialta le hathruithe sa reachtaíocht agus deá chleachtais a aithint.

Níl sa treoir seo ach gné amháin sa phróiseas a cinnteoidh go dtabharfar aire do pháistí. Tá sé mar aidhm ag an polasaí cabhrú le ard-caighdeáin cosaint leanaí a bhaint amach. .

Déanfaidh baill foirne an Choláiste *‘Tús Áite do Leanaí Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí’ (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige), Ár nDualgas Cúraim - Prionsabail an Deá-chleachtais le cosaint a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga’* agus an *‘Child Protection and Welfare Practice Handbook’* a léamh.

Beidh Duine Ainmnithe Teagmhála agus Leas Duine Ainmnithe Teagmhála ag chuile choláiste, (sin gach brainse den Choláiste) agus tá sé de chúram ag an duine sin Polasaí Cosaint agus Leas an Pháiste a dhreachadh, a mholadh agus a chur i bhfeidhm. Caithfidh ainm an duine seo a bheith sa Pholasaí. Déanfar athbhreithniú rialta ar an pholasaí agus aon uair a thagann reachtaíocht nó rialacháin nua i bhfeidhm déanfar na hathruithe cuí. Ba cheart leas duine ainmnithe teagmhála a ceapadh le feidhmiú nuair atá, nó má bhíonn ar an duine ainmnithe teagmhála imeacht nó bheith as an láthair.

**Tá se de fhreagracht ag baill an Bhoird Stiúrtha de chuile eagraíocht a chinntiú go bhfuil polasaithe agus nósanna ann agus iad a chur i bhfeidhm. (CF 4.7.5.iii)**

**TEARMAÍ A ÚSÁIDTEAR SA DOICIMÉAD SEO:**

**Páiste/Páistí – Leanbh/Leanaí:** Duine faoi bhun 18 bliain d’aois nach bhfuil nó nach raibh pósta (Rannóg. 2.1.2, Tús Áite. 2011)

**Eagraíocht** Áirítear, ach níl sé teoranta, do dhaoine aonair / grúpaí / gníomhaireachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine.

**Tuismitheoirí** Téarma le tagairt do thuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí atá mar chaomhnóirí dlíthiúla

**Baill Foirne** Daoine atá ag feidhmiú mar fhostaithe ag an gColáiste.

**Mná Tí** Na mná a bhfuil scoláirí ag fanacht leo ar íostas

**Cinnirí** Scoláirí de chuid an Choláiste nach fostaithe iad atá ceaptha ag an Choláiste le dul i gceannas ar scoláirí eile

**Cuairteoirí** Cuairteoirí Eile

**Roinn na Gaeltachta** Cigirí na Roinne

**An Roinn Oideachais** Cigirí na Roinne

## Polasaí Cosaint agus Leas Leanaí

Beidh nósanna imeachta agus treoirlínte ag gach Choláiste agus gach brainse den choláiste, dár mbaill foirne agus dár gcinnirí, Mná Tí agus oibrithe deonacha atá bunaithe ar 'Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta.

Cé go mbeidh sonraíocht áirithe nó míniú cuí ann maidir le cúinsí áitiúla ní thiocfaidh ábhar na dtreoirlínte áitiúla salach ar na treoirlínte náisiúnta. Cuirfear treoirlínte áitiúla comhlánaithe ar aghaidh chuig Túslá mar nós deá-chleachtas

Glacaimid leis agus réitíonn muid leis go gcaithfidh gach eagraíocht a bhfuil baint acu le leanaí cúram den chaighdeán is airde is féidir a sholáthar dóibh chun a ndea-bhail a chur chun cinn agus iad a chosaint ó dhrochúsáid.

### Aidhm an Pholasaí

Tá an polasaí seo cumtha ar mhaithe le páistí atá ag freastal ar an choláiste a chosaint

'Sé an aidhm ata leis ná a dheimhniú go mbíonn eolas agus tuiscint ag foireann uile an Choláiste (múinteoirí, cinnirí, mná tí, agus araile san áireamh) ar na treoirlínte *"Tús Áite do Leanaí"* agus ar na treoirlínte agus na nósanna imeachta maidir le himní no nochtadh eolais faoi drochúsáid leanaí a chur in iúl. Nósanna imeachta don deá-chleachtas a chur i bhfeidhm leis na páistí a chosaint.

Feasacht agus freagracht ar chosaint leanaí a fhorbairt i measc pobal uile an Choláiste

**Is é leas an linbh an rud is tábhachtaí thar aon ní eile**

### Ceartha an Pháiste

Thabharfaimis aitheantas a don cheart atá ag leanaí go dtabharfaí cosaint dóibh, go gcaithfí go hómósach leo, go dtabharfaí éisteacht dóibh agus go gcuirfí a dtuairimí san áireamh.

### Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú rialta ar an pholasaí ag tráthanna speisialta (nuair a athritear an dlí) agus taobh amuigh de sin gach dara bhliain ar a laghad. Is é an duine ainmnithe idirchaidrimh a bheidh i mbun na hathbhreithnithe seo

### Sainmhínte Mí Úsáid Leanaí

## **Sainmhíniú ar ‘Faillí’**

Is féidir faillí a mhíniú i dtéarmaí easnaimh, nuair a fhulaingíonn leanaí díobháil nó lagú suntasach forbartha trí bhia, éide, teas, sláinteachas, spreagadh intleachtúil, maorsíú, sábháilteacht nó cúram leighis a cheilt orthu, nó nuair nach mbíonn ceangal acu le daoine fásta nó gean ag daoine fásta orthu.

Is féidir díobháil a shainmhíniú mar dhrochíde nó lagú sláinte nó forbartha an linbh. Déantar suntasacht na díobhála a mheas trí shláinte agus fhorbairt an linbh a chur i gcomparáid leis an leibhéal a mbeifí ag súil leis i gcás linbh ar chomhaois leis nó léi.

Bíonn faillí le feiceáil ar bhealaí difriúla thar thréimhse ama níos mó ná ag aon phointe amháin. Mar shampla, d’fhéadfadh sé nach mbeadh riachtanais an linbh á gcomhlíonadh maidir leis an maoirsiú atá riachtanach dá mbeadh sé/sí ag fulaingt mionghortuithe arís agus arís eile. D’fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh cothú leor mhaith á fháil ag leanbh a bhfuil meáchan agus airde faoi bhun an mheáin aige nó aici. D’fhéadfadh sé go bhfuil spreagadh intleachtúil á cheilt ar leanbh atá as láthair ón scoil go leanúnach.

Sroichtear tairseach na díobhála suntasaí nuair a dhéantar an oiread sin faillí ar riachtanais an linbh, go mbíonn fíor-drochthionchar aige ar leas agus/nó ar fhorbairt an linbh.

## **Sainmhíniú ar ‘Drochúsáid Mhothúchánach’**

Aimsítear drochúsáid mhothúchánach go hiondúil sa chaidreamh idir tuismitheoir nó cúramóir agus leanbh seachas in eachtra amháin nó i bpatrún eachtraí. Tarlaíonn sé nuair nach sásaítear riachtanas forbartha an linbh maidir le gean, faomhadh, comhsheasmhacht agus slándáil. Mura bhfuil foirmeacha eile drochúsáide i gceist, is annamh a fheictear comharthaí nó airíonna fisiciúla. Seo roinnt samplaí:

- (i) saintréithe diúltacha a chur i leith leanaí, trí cháineadh seasmhach, searbhas, naimhdeas agus ag fáil lochta orthu;
- (ii) tuistiú coinníollach ina bhfuil an leibhéal cúraim a léirítear do leanbh ag brath ar iompraíochta nó ar ghníomhaíochtaí uaidh/uaithe;
- (iii) gan tacaíocht mhothúchánach a bheith le fáil ag an leanbh óna tuismitheoir nó óna chúramóir;
- (iv) gan an tuismitheoir nó an cúramóir a bheith sofhreagrach i leith an linbh, nó go mbeadh sé nó sí ag súil le rudaí neamh-chomhsheasmhacha nó neamh chúí ón leanbh;
- (v) freagracht a chur ar leanbh ró-luath ina s(h)aol;
- (vi) ionchais neamhréadúla nó neamh chúí ar iniúlacht an linbh chun rud a thuiscint nó é féin nó í féin a iompar nó a rialú ar bhealach áirithe;
- (vii) gan a bheith sách cosanta nó a bheith ró-chosanta i dtaca leis an leanbh;
- (viii) teip suim a léiriú, nó deiseanna oiriúnacha de réir aoise a sholáthar, maidir le forbairt mhothúchánach agus chognaíoch an linbh;
- (ix) bearta smachta atá mí-réasúnta nó ró-ghéar a úsáid;

- (x) foréigean teaghlaigh a chur os comhair an linbh;
- (xi) ábhar míchuí nó mí-úsáideach a chur os comhair an linbh trí theicneolaíocht nua.

Is féidir drochúsáid mhothúcháinach a aithint i dtéarmaí iompraíochta, cognaíochta, mothúcháin nó feidhmithe fisicigh an linbh. Áirítear leo sin cion neamh shlán, míshonas, lag mheas air féin nó uirthi féin, tearc ghnóthú oideachasúil agus forbartha, agus iompraíocht fhreasúrach. Sroichtear tairseach na díobhála suntasaí nuair atá idirghníomhaíochta mí-úsáideacha ceannasach agus iad mar thréith den chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir/cúramóir.

### **Sainmhíniú ar ‘Drochúsáid Chorphartha’**

Is éard atá i ndrochúsáid chorphartha linbh ná iompar a bhfuil dochar fisiceach iarbhír nó féideartha ag baint leis de thoradh idirghníomhaíochta, nó easpa idirghníomhaíochta, atá go réasúnta faoi smacht tuismitheora nó duine i bpost freagrachta, cumhachta, nó iontaobhais. D’fhéadfadh eachtra amháin a bheith i gceist nó eachtraí arís is arís eile. Is féidir na rudaí seo a bheith i gceist le drochúsáid chorphartha:

- (i) pionós dian corpartha;
- (ii) plancadh, leangadh, bualadh nó ciceáil;
- (iii) brú, croitheadh nó caitheamh;
- (iv) scealpóga a bhaint as an leanbh nó greim fiacla a chur ann nó inti, an leanbh a thachtadh nó a c(h)uid gruaige a tharraingt;
- (v) an leanbh a scanrú le bagairtí;
- (vi) breathnú ar fhoréigean;
- (vii) fórsa iomarcach a úsáid i mbun láimhseála;
- (viii) nimhiú d’aon turas;
- (ix) plúchadh;
- (x) tinneas bréige nó spreagtha
- (vi) baol a cheadú nó a chruthú go dtarlódh díobháil mhór don leanbh.

### **Sainmhíniú ar ‘Drochúsáid Ghnéasach’**

Tarlaíonn drochúsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine eile úsáid as leanbh dá s(h)ásamh nó dá

f(h)loscadh gnéasach féin, nó ar mhaithe le sásamh nó floscadh gnéasach daoine eile. Cuimsíonn samplaí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí:

- (i) nochtadh na mball gnéasach nó gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aon turas i láthair an linbh;
- (ii) teagmháil nó ainteagmháil ar chorp an linbh d'aon turas cibé ag duine nó rud do shásamh nó floscadh gnéasach;
- (iii) glacaireacht i láthair an linbh nó páirtíocht an linbh i ngníomh na glacaireachta;
- (iv) caidreamh collaí le leanbh, cibé caidreamh béil, na faighne nó tóna; (féach ar Agusín 1 'Tús Áite do Leanaí' agus sa 'Child Protection and Welfare Practice Handbook' 1.4 le haghaidh sonraí sa bhreis)

### **Comharthaí na Mí Úsáide** (Tús Áite Agusín 1, CPWPH I.32)

Cuirfear múinteoirí, mná tí, cinnirí agus baill foirne uile ar an eolas maidir le comharthaí na mí úsáide mar atá said leagtha amach in Agusín 1, Tús Áite do Leanaí.

Tuigimis go bhfeadfadh an cumas atá ag duine drochúsáid leanaí a aithint a bheith ag brath an oiread céanna ar a thoilteanaí is atá an té sin glacadh leis go bhfeadfadh drochúsáid tarlú agus bhraitheadh sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige nó aici.

Bíonn trí chéim i gceist de ghnáth maidir le drochúsáid nó faillí leanaí a aithint:

- (i) breithniú na féidearthachta;
- (ii) faire amach do chomharthaí drochúsáide;
- (iii) taifeadadh faisnéis

Beidh aithint na chomharthaí agus siomptóim na mí úsáide mar chuid den traenail a bhaineann le cosaint leanaí.

Maraon leis sin cuirfear in iúl do gach duine go mbeidh orthu a chur in iúl don duine ainmnithe ma thugtar aon cheann de na nithe seo a leanas faoi deara:

Má insíonn páiste duit faoi mí-úsáid/faillí

Má thugann duine eile cuntas duit ar mí-úsáid/faillí

Fianaise ar nós gortú nó iompair

Patrún gortaithe agus míniú neamh chiallmhar leo

Comharthaí minic thar thréimhse go bhfuil go bhfuil faillí mothúchánach nó fisiceach ar siúl



## Tuairisciú

Is minic imní a bheith ar dhaoine faoi dul i gcomhairle leis an FSS/Túslá nó na Gardaí ar fhaitíos nach mbeadh bunús leis an ábhar imní atá acu nó nach mbeadh an t-eolas beacht cruinn. Soláthraíonn an tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998 díolúine ó dhliteanas sibhialta do dhaoine nó eagraíochtaí a chuireann an mhí-úsáid leanaí in iúl “go réasúnach agus le dea-rún”.

Cruthaíonn an tAcht cion nua i.e. bréag thuairisciú nuair a dhéanann duine tuairisciú mí-úsáide leanaí chuig na húdaráis chuí “agus fios a bheith aige/aici gur ráiteas bréagach é.”

Tuigimis nach bhfuil sé de dhualgas orainn cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil ábhar imní ann faoi chosaint leanaí nó nach bhfuil, agus go bhfágfar ag gairmithe an FSS/Túslá no na Gardaí an cinneadh sin a dhéanamh. Is é an dualgas atá orainne ná eolas nó imní maidir le leas leanaí a phlé le FSS/Túslá no na Gardaí.

## Duine Ainmnithe Idirchaidrimh

Is í **Clíona Ní Néill** atá mar an duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA)

## Leas Duine Ainmnithe Idirchaidrimh

Is é **Seosamh Mac Suibhne** ata mar leas duine ainmnithe idirchaidrimh (LDIA)

<b>Duine Ainmnithe Idirchaidrimh</b>	<b>Leas-Dhuine Ainmnithe Idirchaidrimh</b>
<b>CLÍONA NÍ NÉILL</b>	<b>SEOSAMH MAC SUIBHNE</b>
<b>087 7960704</b>	<b>086 0909919</b>

Glacann muid leis go bhfuil sé de chúram ar gach gníomhaireacht atá ag obair le leanaí agus don phobal i gcoitinne ábhair imní faoi chosaint leanaí a aithint agus iad a insint do na gníomhaireachta atá freagrach as measúnú nó imscrúdú a dhéanamh orthu.

Déanfar comhairle an FSS/Túslá nó na Gardaí a lorg **gan mhoill** (Mar a leagtar amach i Tús Áite do Leanaí 3.2.5) Ní fhágaimis páiste i riocht ina bhféadfaí díobháil a dhéanamh dó nó dí nó go mbeadh sé nó sí i mbaol díobhála ag feitheamh ar idirghabháil FSS/Túslá.

I gcás éigeandála nuair a cheapann muid go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir dul i dteagmháil le FSS, rachaimis i dteagmháil leis na Gardaí.

Tá eolas ag an duine idirchaidrimh ainmnithe ar chosaint leanaí agus déanfaidh sé/sí freastal ar traenáil chóir chun iad féin a choinneáil ar an eolas maidir le forbairtí nua, ar nós an An Bille um Thús Áite do Leanaí 2014

Tá an duine idirchaidrimh ainmnithe freagrach as a chinntiú go leantar an nós imeachta tuairiscithe, chun dul i gcomhairle láithreach bonn leis an Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS/Túslá nó chuig an nGarda Síochána i gcás éigeandála nuair nach bhfuil fáil ar FSS/Túslá.

Más gá an fhoirm caighdeánach tuairiscithe a líonadh déanfaidh an duine idirchaidrimh ainmnithe é a líonadh le cabhair daoine eile agus faoi threoir an oibrí sóisialta.

Tá sé de chúram ag gach duine eile a bhfuil eolas acu, nó imní orthu, faoi leas an pháiste é seo a chur in iúl láithreach don duine idirchaidrimh ainmnithe. Is gá dóibh nótaí a bhreacadh síos chomh luath agus is féidir i ndiaidh don ábhar imní teacht chun solais nó don eachtra tarlú le go mbeidh siad in ann tuairisc cruinn a dhéanamh. Ba chóir a bheith cruinn ag cuimsiú dátaí, amanna, ainmneacha, ionaid, comhthéacs agus faisnéis ar bith eile a bheadh ábhartha. Beidh muid cúramach faoin gcaoi a ndéantar faisnéis den sórt sin a stóráil, agus faoi na daoine dá nochtar í.

Tuigimis gur féidir ábhar imní a phlé le Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS/Túslá sula ndéantar cinneadh tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh

Déanfaidh an duine ainmnithe idirchaidrimh a insint do na tuismitheoirí nó do na cúramóirí má tá tuairisc le seoladh chuig Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS/Túslá nó chuig an nGarda Síochána, mura gcuirfear an leanbh i mbaol de bharr é sin a dhéanamh. Mura gcuirtear in iúl do thuismitheoir caithfear nóta a choinneáil ar an fáth nár insíodh dóibh.

### **Baol riosca do phaistí *nach bhfuil aitheanta a thuairisciú don FSS***

(Tús Áite 3.2.4.) Cuirfidh an duine ainmnithe idirchaidrimh ábhar imní in iúl do Sheirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS/Túslá má cheaptar go bhfuil duine áirithe ina riosca féidearthacht do leanaí, nó go bhfuil leanaí i mbaol, fiú mura féidir a rá go baileach cé hiad na leanaí atá i gceist, nó mura bhfuil baint ar bith acu le hobair an choláiste.

### **Insint Aisbhreathnaitheach ó Dhaoine Fásta**

Is minic a fhaightear amach go bhfuil ionsaithe á dhéanamh i láthair na huaire de thoradh tuairiscí a thugtar anois ar dhaoine a rinne ionsaithe siar sna mblianta. Caithfear contúirt reatha do phaiste ar bith a thabhairt san áireamh Dhéanfaimis an tuairisc a thaifead agus a thuairisc don duine ainmnithe a dhéanfaidh an imní a phlé leis an FSS/Túslá.

### **Imní Tríú Páirtí a Thuairisc**

**Má tá imní maidir le leas pháiste, is cuma cé as a dtáinig an t-imní sin, déanfaimid an t-imní a phlé leis an FSS/Túslá nó na Gardaí. Coinnigh i gcuimhne nach bhfuil muid ag rá nó ag tuairisc gur tharla rud ar bith. Táimid ag cur imní in iúl le go mbeidh daoine gairmiúla a bhfuil cúram dlíthiúil orthu, in ann ábhar an imní sin a fhiosrú.**

Má thagann imní faoi pháiste chugainn a thuairiscíonn duine gan ainm déanfaimid iniúchadh iomlán ar ábhair imní faoi leanbh de réir nósanna imeachta caighdeánacha FSS. Má dhéantar an tuairisc trí thríú páirtí, ba

chóir iarraidh ar an duine atá i mbun idirghabhála teagmháil a éascú idir an duine a thuiriscigh an t-ábhar inní ar dtús agus Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

(Tús Áite 5.15.3, CPWPH 2.11)

Tá said seo ar na cúiseanna réasúnta le go mbeadh inní ar dhaoine maidir le leas leanaí agus le go rachfaí i dteagmháil le FSS/TÚSLA

- Má insíonn páiste duit faoi mhí-úsáid/fhaillí
- Má thugann duine eile cuntas duit ar mhí-úsáid/fhaillí
- Fianaise ar nós gortú nó iompair
- Patrún gortaithe agus míniú neamh chiallmhar leo
- Comharthaí minic thar thréimhse go bhfuil faillí mothúchánach nó fisiceach ar siúl

Is iad uimhreacha na nGardaí ná: (091) 593102 / (091) 514727

Is iad uimhreacha na hOibrithe Sóisialta ná: (091) 546366 / (091) 546348

### **Eolas a nochtadh faoi Mhí Úsáid Leanaí**

Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéileáil an ball foirne a bhfuil baint acu leis, go híogair agus go gairmiúil leis. Seo a leanas treoirínite chun tacú leis an oibrí chuige sin:

- Caith go suaimhneach leis an leanbh
- Tabhair deis dó/di a mhéid atá le rá aige/aici a rá
- Éist go cúramach agus go haireach; tabhair aird mar is ceart ar an duine óg
- Tabhair misneach don duine óg agus inis dó/di go bhfuil an rud ceart déanta acu i labhairt leatsa
- Ná tabhair breithiúnas
- Ná geall go gcoinneoidh tú rud ar bith ina rún; agus ná geall aon rud eile ach oiread
- Iarr ceisteanna ar mhaithe le soiléireacht amháin agus ná iarr treoir cheisteanna
- Seiceáil leis an leanbh/duine óg go bhfuil an méid atá cloiste agat ceart agus tuigthe ina bhfocail féin
- Ná tabhair aon tuairimí faoin mí-úsáideoir líomhnaithe
- Taifead an comhrá a luaithe is féidir, lena mhéid sonraí is féidir. Sínigh an taifead agus cuir dáta air
- Déan cinnte go dtuigeann an duine óg/leanbh na nósanna imeachta a thiocfaidh ina dhiaidh sin
- Bí ionraic leis an leanbh faoi céard is féidir a dhéanamh agus nach féidir a dhéanamh. Inis dóibh nach féidir linn rún a choinneáil agus inis dóibh céard a tharlóidh anois
- Ná seas ar aghaidh an té a bhfuil an mhí-úsáid curtha ina leith
- Cuir an t-eolas ar aghaidh chuig an Duine Ainmnithe Idirchaidrimh, ná déan iarracht déileáil leis an bhfadhb asat féin.

Sa chás go bhfuil amhras faoi mhí-úsáid a bheith ag tarlú nó go bhfuil eolas tugtha go bhfuil mí-úsáid ag tarlú, is é an t-aon rud nach féidir leat a dhéanamh ná gan rud ar bith a dhéanamh

<http://www.ahg.gov.ie/ie/EolasfaoinRoinn/PolsaiCosaintLeanaí/Child%20Protection%20Policy%20IRISH.pdf>

**Na hiarmhairtí atá ag baint le teip nó diúltú tuairisciú:**

De réir Rannóg 176 den Acht um Cheartas Choiriúil, Cruthaíonn alt 176... cion:

- Má chuireann duine a bhfuil an leanbh nó duine a dhéanann mí-úsáid ar leanbh atá faoina smacht nó údarás, an leanbh sin i gcontúirt d'aon ghnó nó go meargánta

trí

- Má ligtear nó má cheadaítear an leanbh a chur nó a fhágáil i ndáil a chuireann an leanbh i mbaol mór maidir le mór dhíobháil nó mí-úsáid ghnéasach

Nó

- Mura dtógtar céimeanna réasúnacha chun an leanbh a chosaint ar bhaol den chineál seo agus fios a bheith ag duine go bhfuil an baol seo ann.

### ***Nóta Míniúcháin –Acht um Cheartas Coiriúil 2006***

Ó 2010, tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as riar na gColáistí Gaeilge sa Ghaeltacht agus tá sí freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm polasaithe chun caighdeáin arda sa chóras ina iomlán a chinntiú.....Ní mór don Roinn a chinntiú go bhfuil cosaint leanaí lárnach i ngach gné d'obair na gcoláistí, go bhfuil polasaí láidir cosaint leanaí aontaithe agus á chur i bhfeidhm acu, go bhfuil comharthaí feiceálacha curtha in airde acu sna hionaid ina bhfuil na coláistí ag feidhmiú agus go bhfuil baill foirne ar leith ainmnithe agus go bhfuil siad oile go cuí. Ní mór do choistí stiúrtha na gcoláistí a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte Tús Áite do Leanaí le linn na gcúrsaí. Tá Treoirlínte Ginearálta maidir le sábháilteacht agus cosaint leanaí/daoine óga fad is atá siad faoi chúram na gColáistí Gaeilge forbartha ag Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS).

<http://www.ahg.gov.ie/ie/EolasfaoinRoinn/PolsaiCosaintLeanaí/Child%20Protection%20Policy%20IRISH.pdf>

### **Cásanna nár tuairiscíodh do FSS ná don Gharda Síochána**

Sna cásanna sin ina ndéanann an eagraíocht cinneadh gan ábhar imní a nochtadh do FSS ná don Gharda Síochána ba chóir ráiteas soiléir i scríbhinn a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a tharraing anuas an t-ábhar imní ag insint na gcúiseanna nach bhfuil an eagraíocht ag déanamh aon rud faoin scéal. Ba chóir a mheabhú don fhostaí nó don oibrí deonach sin go bhféadfaidh siad dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána nó le FSS nó tuairisc a thabhairt dóibh má tá imní orthu fós faoin scéal. Beidh feidhm le forálacha an Achta um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 má thugann siad tuairisc dóibh 'go réasúnach agus de mheon macánta' (3.8.1 Tús Áite do Leanaí) Soláthraíonn an tAcht díolúine ó dhliteanas sibhialta do dhaoine a chuireann an mhí-úsáid leanaí in iúl "go réasúnach agus le dea-rún"

Forálacha an Achta um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid do Leanaí 1998, mar atá cosaint ó:

- Dliteanas Sibhialta, agus
- Pionósú fostóra

Cruthaíonn an tAcht cion nua i.e. bréag thuairisciú nuair a dhéanann duine tuairisciú mí-úsáide leanaí chuig na húdaráis chuí "agus fios a bheith aige/aici gur ráiteas bréagach é."

Cuireann an tAcht cosaint mhaith ar fáil d'fhostaithe a thuiriscíonn mí-úsáid leanaí, leithcheal agus briseadh as post, san áireamh

## Rúndacht

- Ní féidir geallúint a thabhairt maidir le rúndacht agus mar atá se seo le sonrú in imeachtaí ó lá go lá (Tús Áite 3.9.3)
- Ní sárú rúndachta nó sárú cosaint sonraí riamh é eolas a roinnt ar mhaithe le cosaint nó leas an pháiste. (Tús Áite 3.9.4)
- Tá an ceart ag tuismitheoir eolas a bheith acu nuair ata eolas a roinnt, ach amháin má chuireann se seo an pháiste i mbaol. (Tús Áite 3.2.9 & 5.2.6, Ár nD. C. 1.22)
- Tá taifid a choinneáil go sábháilte agus go rúnda. Tá taifid a bhaineann le imní cosaint leanaí scartha amach ó na taifid eile agus iad faoi rún. Tá teacht ag na daoine idirchaidrimh ainmnithe ar na taifid seo amháin. (Tús Áite 4.7.5.viii)
- Táimid tugtha do fhreastal ar cruinnithe agus eolas a roinnt, mar a oireann, ag cruinnithe cosaint agus leas pháistí, de chuid seirbhísí leanaí agus teaghlaigh an FhSS/Túslá, mar shampla Comhdhálacha Cosaint Leanaí agus Cruinnithe Straitéiseacha (Tús Áite 1.2)

## Treoir d'fhostóirí atá ag déileáil le líomhain drochúsáide

Nuair a fhaightear líomhain maidir le drochúsáid ba chóir don fhostóir í a mheas go pras agus go cúramach. Ba chóir aon bheart maidir le tuairisciú líomhna drochúsáide leanaí in aghaidh fostaí a bheith bunaithe ar thuairim ar thángthas air 'go réasúnta agus le hintinn mhaith'. Caithfear cinneadh a dhéanamh an gá tuairisc fhoirmiúil a thabhairt do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Ní mór an cinneadh sin a bheith bunaithe ar fháthanna réasúnta imní,

Is é an chéad rud a chaithfear a dhéanamh ná a chinntiú nach gcuirfear aon leanbh i mbaol gan gá. Ba chóir don fhostóir aon bheart cosanta atá riachtanach a ghlacadh ar bhonn práinne. Ba chóir na bearta sin a bheith i gcomhréir le leibhéal an riosca agus níor cheart go gcuirfidís pionós airgid nó eile ar an bhfostaí mura bhfuil siad riachtanach chun leanaí a chosaint.

Má tharlaíonn sé go gcuireann na bearta cosanta pionós ar an bhfostaí tá sé tábhachtach an cás a mheas go luath.

Ba chóir gach beart a dhéantar a bheith de réir na nósanna imeachta comhaontaithe, de réir an chonartha fostaíochta infheidhmithe agus rialacha ceartais aiceanta.

Ba chóir ceannasaí na heagraíochta a chur ar an eolas a luaithe is féidir mar gheall ar an líomhain.

Ba cheart don fhostóir na nithe seo a leanas a insint go príobháideach don fhostaí má fhaigheann sé nó sí amach faoi líomhain gur thug an fostaí sin drochúsáid do leanbh nó do leanaí le linn dó nó di a bheith i mbun a c(h)uid dualgas:

- (i) go ndearnadh an líomhain faoi nó fúithi;
- (ii) an cineál líomhna atá ann. Ba chóir deis a thabhairt don fhostaí freagra a thabhairt. Ba chóir don fhostóir an freagra sin a thaifeadadh agus an fhaisnéis sin a insint nuair atá tuairisc fhoirmiúil á tabhairt do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

Ní mór d'fhostóirí nó do na daoine atá i gceannas a bheith cúramach gan aon rud a dhéanamh a bhainfeadh an bonn d'aon iniúchadh nó measúnú a bheadh á dhéanamh ag Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó ag an nGarda Síochána. Moltar go tréan d'fhostóirí idirchaidreamh dlúth a bheith acu leis an húdaráis reachtúla chun é sin a chinntiú. Ba chóir a insint d'fhostóirí nó do na daoine atá i gceannas faoi thoradh an imscrúdaithe nó na measúnaithe. Cabhróidh sé sin leo cinneadh a dhéanamh faoi cad is ceart a dhéanamh sa bhfad téarma faoin bhfostaí sin.

Tugann an tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a thuairiscigh drochúsáid leanaí 'go réasúnach agus de mheon macánta' d'oifigigh ainmnithe de chuid FSS (féach Aguisín 10) nó do bhall ar bith den Gharda Síochána. Tá an chosaint seo le fáil ag eagraíochtaí chomh maith le daoine aonair. Ciallaíonn sé seo, fiú dá bhfaighfí amach nach raibh bunús ar bith le hamhras a cuireadh in iúl faoi dhrochúsáid leanaí, go mbeadh ar ghearánaí a thionscnódh caingean a chruthú i gcás an duine a thuairiscigh an t-ábhar imní sin nár ghníomhaigh sé nó sí go réasúnta agus le hintinn mhaith. Féadfaidh cosaint na pribhléide srianta a bheith ag duine faoin dlí coiteann a thugann tuairisc le hintinn mhaith agus ar mhaithe le leas an linbh

Foinse: **Aguisín 9 Tús Áite do Leanaí**

<http://www.teachingcouncil.ie/fileupload/Teacher%20Education/Gaeltacht%20Placement/GaeltachtPlacementen.pdf>

**colaistigaeilge@ahg.gov.ie**

**An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**

**Na Forbacha**

**Co. na Gaillimhe**

**091 503700**

**Páistí a Dhíbirt Abhaile:**

Más gá, de bharr cúinsí tromchúiseacha foghlaimeoir(i) a chur abhaile roimh dheireadh cúrsa de bharr drochiompair, briseadh Riail na Gaeilge, nó ar chúis ar bith eile, ba cheart i ngach cás an cinneadh a dhéanamh le daonnacht agus le tuiscint don dalta agus dá t(h)uistí c(h)aomhnóirí.

Ar mhaithe leis na bun phrionsabail oscailteacht agus cothrom na Féinne a chinntiú, ba cheart go mbeadh nós imeachta maidir le hachomharc ina chuid den chód smachta agus é bheith i scríbhinn. Mar chuid den nós imeachta san déanfar gach iarracht dul i gcomhairle le tuiste/caomhnóir an scoláire roimh ré agus

tabharfar deis don scoláire labhairt lena t(h)uiste/c(h)aomhnóir sula ndéanfar cinneadh dalta a dhíbirt ó choláiste Gaeilge.

Beidh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh dá leithéid agus beidh deis cheart ag an dalta a t(h)aobh féin den scéal a chur i láthair sula ndéanfar an cinneadh.

Tuigtear gur den riachtanas é i dtaca le héifeacht agus eagar na gColáistí gur ceadmhach foghlaimeoirí a chur abhaile de bharr tarlóga tromchúiseanna áirithe. Níl sé i gceist bac a chur ar choiste stiúrtha scoláire a dhíbirt nuair is gá sin a dhéanamh. Níl sé i gceist ach an oiread moill gan ghá a chur ar an bpróiseas atá leagtha síos ag an gcoláiste maidir le scoláire a dhíbirt; ceaptar gur féidir an córas achomhairc uile mar atá sonraithe a chur i bhfeidhm taobh istigh de lá amháin.

Moltar céimeanna mar seo a leanas sa phróiseas a bheidh i gceist feasta:

- Go mbeadh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh maidir le scoláire a dhíbirt roimh dheireadh cúrsa Go gcuifí in iúl don dalta go bhfuil sé curtha ina leith go bhfuil sárú déanta aige/aici ar na rialacha
- Go luafaí an riail/na rialacha atá i gceist agus na himpleachtaí a ghabhann leis an sárú
- Go gcaithfí a chinntiú gur thuig an dalta ábhar an ghearáin a bhí á dhéanamh
- Go dtabharfaí deis don dalta labhairt leis an tuiste/caomhnóir go príobháideach sa chás go bhfuil teacht ar an tuiste/caomhnóir
- Go dtabharfaí deis don dalta a t(h)aobh féin den scéal a insint agus go gcuirfí in iúl don dalta go raibh cead aige/aici labhairt i dteanga eile seachas Gaeilge dá mb'fhearr leis/léi.
- Go ndéanfadh an Coláiste gach iarracht dul i dteagmháil leis an tuiste/caomhnóir agus an scéal a insint. Sa chás go dteastódh ón tuiste a bheith i láthair nuair a bheadh an scéal á phlé leis an dalta go bhfáilteofaí roimh a leithéid fad is nach gcuirfí moill ar an bpróiseas
- Go gcuirfí an cinneadh in iúl don dalta agus don tuiste. Sa chás nach bhfuil an tuiste/caomhnóir i láthair, go ndéanfaí socruithe oiriúnacha chun an dalta a thionlacan abhaile má tá díbirt i gceist
- Go gcuirfí in iúl don tuiste/caomhnóir na socruithe maidir leis an dalta a chur abhaile. Nach gcuirfí dalta abhaile gan tionlacaí de chuid an Choláiste. Aithnítear go mbeidh corr chás ann nuair a bheidh cúrsaí slándála agus sábháilteachta go mór i gceist mar chosaint don scoláire féin agus na scoláirí eile agus nach mbeidh aon rogha ag an gColáiste ach an dalta a dhíbirt gan dul tríd an bpróiseas thuasluaite go hiomlán. Bheifí ag súil nach dtarlódh sé seo ach i dtosca an eisceachtúla ar fad.

I ngach cás ina gcuirtear scoláire abhaile de bharr sárú rialacha, iarrtar ar an gcoiste stiúrtha tuairisc ghonta a chur ar fáil don Roinn ina leith. Déanfar tagairt do na nithe seo a leanas sa tuairisc:

- Ainm an dalta;
- An Riail a sáraíodh agus cathain;
- An teagmháil a rinne an scoláire agus an Coláiste leis an tuiste/caomhnóir;
- An dáta ar cuireadh an scoláire abhaile agus na socruithe a rinneadh ina leith;

## **Cód Iompar don Fhoireann**

Tá deis iontach ag baill foirne atá ag obair le leanaí agus daoine óga bheith ina n-eiseamláir dhearfach agus cuidiú le féinmhuinín duine a thógáil. Seo a leanas cód cleachtais d'fhoireann:

Táthar ag dréim ón bhfoireann:

- sábháilteacht gach linbh & duine óig a chinntiú trí mhaoirseacht chúramach, réamhphleanáil chuí gníomhaíochtaí, agus modhanna sábháilte a úsáid i gcónaí;
- leanaí agus daoine óga a spreagadh agus a threorú chun freagracht a ghlacadh as a n-iompraíocht féin;
- Plé le gach leanbh agus duine óg go cothrom agus a chinntiú go mothaíonn siad go meastar luach a bheith leo agus nach bhfuiltear ag fabhrú aon duine;
- gach leanbh agus duine óg a spreagadh gan idirdhealú a dhéanamh ar bhonn creidimh, cine, inscne, aicme sóisialta nó easpa cumais;
- gan spraoi garbh nó contúirteach nó bulaíocht a cheadú agus drochtheanga nó iompraíocht mhíchúí a dhímholadh;
- léirtheiscint a léiriú d'iarrachtaí gach linbh agus duine óig;
- gan ligean d'aon líomhain mí-úsáide dul gan a dhúshlán a thabhairt nó gan a thaifeadadh más cuí. Tarluithe agus timpistí le bheith taifeadta i leabhar tarlúintí/timpistí na heagraíochta. Cuirfear in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí;
- timpistí nó tarlúintí de mhí-úsáid nó droch-chleachtas líomhnaithe a thuairisciú don duine ainmnithe idirchaidrimh
- mion-gharchabhair a thabhairt i láthair daoine eile agus, nuair is gá, tarlúintí níos dáiríre a atreorú go dtí garchabhróir na heagraíochta;
- rochtain a bheith acu ar fón chun teagmháil a dhéanamh láithreach le seirbhísí éigeandála más gá;
- gan mí-úsáid fhisiciúil, mhothúchánach nó ghnéasach a dhéanamh ar leanaí agus daoine óga;
- rúndacht faoi eolas íogair a choinneáil;
- meas a thabhairt ar agus éisteacht le barúlacha leanaí agus daoine óga;
- am a ghlacadh le treoracha faoi gníomhaíochtaí a mhíniú le cinntiú go dtuigtear i gceart iad;
- caidreamh cuí oibre a fhorbairt le leanaí agus le daoine óga bunaithe ar chomh-mhuinín agus ar chomh-mheas;
- a bheith ina n-eiseamláir, ag léiriú go seasmhach ardchaighdeán iompraíochta agus dealraimh (smacht/tiomantas/coinneáil ama), cuimhnigh go bhfoghlaímíonn leanaí & daoine óga ó eiseamláir;
- staonadh ó chaitheamh tobac agus alcóil le linn gníomhaíochtaí eagraíochta;
- cáilíochtaí bailí cuí agus clúdach árachais a bheith acu;
- gan sáruithe rialacha, spraoi garbh nó úsáid substaintí coiscithe a ligean le haon duine riamh;
- iad féin a chosaint ó líomhaintí bréagacha trí:
  - gan barraíocht ama a chaitheamh leo féin le leanaí agus daoine óga ar shiúl ó dhaoine eile;
  - gan leanaí agus daoine óga a thabhairt abhaile leo;
  - gan garchabhair a thabhairt a mbeidh baint éadaí linbh/duine óig riachtanach chuici mura bhfuil daoine eile i láthair.



Tá an ceart ag baill foirne:

- oiliúint leanúnach agus eolas a bheith ar fáil dóibh ar gach gné de cheannasaíocht/bhainistíocht gníomhaíochtaí do leanaí agus daoine óga, go háirithe ar chumhdach leanaí;
- tacaíocht maidir le tuairisciú mí-úsáid líomhnaithe;
- bheith in ann teacht ar sheirbhísí gairmiúla tacaíochta;
- déileáil chóir agus chothrom ón eagraíocht;
- a bheith cosanta ó mhí-úsáid ó leanaí agus daoine óga, baill eile den fhoireann agus ó thuismitheoirí/chaomhnóirí;
- gan a bheith fágtha gan chosaint agus iad ag obair le leanaí agus daoine óga.

Déileálfar láithreach bonn le haon oilghníomh agus mí-iompraíocht ghinearálta agus tuairisceofar é don duine animnithe idirchaidrimh. D'fhéadfadh dífhostú nó díbirt ón eagraíocht a bheith ina thoradh ar shárú leanúnach an chóid iompair.

Féadann baill foirne achomharc a dhéanamh in éadan dífhostú nó díbirt, le socrú deireanach le déanamh ag coiste na heagraíochta nó é a chur ar aghaidh chuig an mbord rialaithe.

### **Gníomh Éigeandála/Garchabhair**

Ba chóir go mbeadh gach ball foirne ullmhaithe le plan gníomhaíochta i gcás éigeandála agus eolach ar ár nósanna imeachta garchabhrach. Beidh a leanas san áireamh:

- rochtain ar threalamh garchabhrach
- teagmháil fóin más mionaoiseach é an rannpháirtí;
- teagmháil fóin chuig na Seirbhísí Éigeandála.

### **Cód Iompair do Leanaí**

Tá COLÁISTE UÍ CHADHAIN TEO tiomanta go hiomlán do chumhdach leanaí agus daoine óga agus do chothú a leasa. Creideann an eagraíocht go bhfuil sé tábhachtach gur chóir go léireodh an fhoireann, leanaí agus daoine óga, agus thuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil baint acu leis an eagraíocht meas agus tuiscint i gcónaí do shábháilteacht agus leas daoine eile. Mar sin de, spreagtar leanaí agus daoine óga a bheith oscailte i gcónaí agus aon bhuaireamh nó gearán a bheadh acu faoi aon ghné den eagraíocht a roinnt leis an duine animnithe idirchaidrimh.

Do leanaí agus daoine óga atá an eagraíocht seo agus is cóir dó eispéaras dearfach a chur ar fáil mar ar féidir leo rudaí nua a fhoghlaim i dtimpeallacht shábháilte agus dearfach.

Mar leanbh/dhuine óg de chuid **COLÁISTE UÍ CHADHAIN** táthar ag súil leis go gcloífidh tú leis an gcód iompair.

Táthar ag dréim leis ó leanaí agus ó dhaoine óga:

- a bheith dílis agus an dara seans a thabhairt dá gcairde;
- a bheith cairdiúil agus fáilte ar leith a fhearadh ar leanaí agus ar dhaoine óga nua;
- a bheith tacúil agus tiomanta do leanaí agus daoine óga eile, sólás a thairiscint nuair is gá;
- gan páirt a ghlacadh i bpiarbhrú míchuí agus gan daoine eile a bhrú chun rud a dhéanamh nach bhfuil ag teastáil uathu a dhéanamh;
- aire a thabhairt do threalamh de chuid na heagraíochta;
- ní mór do gach leanbh agus duine óg meas a bheith acu ar chearta, dhínit agus fhiúntas gach rannpháirtí gan bheann ar aois, inscne, cumas, cine, cúlra cultúrtha nó creideamh nó féiniúlacht ghnéasach;
- staonadh ó dhrochtheanga nó tagairtí ciníocha/seicteacha a úsáid. Áirítear leis seo bulaíocht le teicneolaíochtaí úra, amhail seomraí comhrá, láithreáin líonraithe shóisialta nó téacsáil;
- staonadh ó bhulaíocht nó spraoi garbh agus contúirteach;
- ba chóir do leanaí agus daoine óga cloí le hamanna a aontaítear i gcomhair ócáidí agus a chur in iúl don duine cuí má tá siad ag dul a bheith mall;
- ní mór do bhaill éadaí cuí a chaitheamh más riachtanach i gcomhair ócáidí áirithe;
- ní ceadmhach do leanaí agus daoine óga tobac a chaitheamh ar áitribh na heagraíochta nó le linn dóibh a bheith ag déanamh ionadaíochta ar son na heagraíochta;
- ní ceadmhach do leanaí agus daoine óga alcól de chineál ar bith a chaitheamh ar áitribh na heagraíochta nó le linn dóibh a bheith ag déanamh ionadaíochta ar son na heagraíochta;
- meas a léiriú ar leanaí agus daoine óga eile;
- iad féin a choinneáil sábháilte;
- iompraíocht mhí-chuí nó dálaí atá rioscach do leanaí agus daoine óga a thuairisciú;
- dúshlán a thabhairt ar bhulaíocht ar do phiaraí nó í a thuairisciú;
- gan a bheith foréigneach nó ionsaitheach.

**Féach chuige gur áit THAITNEAMHACH í d'eagraíocht.**

Tá sé de cheart ag leanaí agus daoine óga:

- a bheith sábháilte agus sona agus iad ag dul don ghníomhaíocht is rogha leo;
- go n-éistfí leo;
- go dtabharfaí meas dóibh agus bo bpléifí go cothrom leo;
- príobháideachas a bheith acu;
- taitneamh a bhaint as do ghníomhaíocht i dtimpeallacht chosantach;
- a bheith curtha ar aghaidh i gcomhair cabhair ghairmiúil más gá;
- a bheith cosanta ó mhí-úsáid ó leanaí & daoine óga eile nó ó fhoinsí seachtracha;

- a bheith páirteach ar bhonn cothrom, mar a oireann dá gcumas;
- go gcreidfí iad;
- cabhair a iarraidh.

Déileálfaidh an fhoireann le haon oilgníomh nó mí-iompraíocht ghinearálta agus tuairisceofar é don duine animnithe idirchaidrimh. Is é a bheidh de thoradh ar mhí-iompraíocht sheasmhach ná díbirt láithreach. Coinneofar tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas ag gach céim.

Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí achomharc a dhéanamh in éadan díbirtí le socrú deireanach le déanamh ag coiste na heagraíochta ag brath ar na nósanna imeachta smachta laistigh den eagraíocht.

I bPoblacht na hÉireann clúdaíonn an tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 cearta tuismitheoirí chun caomhnóireachta:

- (1) Beidh athair agus máthair naín ina gcaomhnóirí i gcomhpháirt ar an naíon.
- (2) Ar athair naín d'fháil bháis beidh an mháthair, má mhaireann sí, ina caomhnóir ar an naíon, ina haonar nó i gcomhpháirt le haon chaomhnóir a cheap an t-athair nó an chúirt.
- (3) Ar mháthair naín d'fháil bháis, beidh an t-athair, má mhaireann sé, ina chaomhnóir ar an naíon ina aonar nó i gcomhpháirt le haon chaomhnóir a cheap an mháthair nó an chúirt.
- (4) I gcás naín neamhdhlisteanáigh is í máthair an naín a bheidh ina caomhnóir ar an naíon.

## **Cód Iompair do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí**

Tá **COLÁISTE UÍ CHADHAIN TEO** tiomanta go hiomlán do chumhdach leanaí agus daoine óga go léir agus do chothú a leasa.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go léireodh an fhoireann, leanaí agus daoine óga, agus tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil baint acu leis an eagraíocht meas agus tuiscint i gcónaí do shábháilteacht agus leas daoine eile. Mar sin de, spreagtar leanaí agus daoine óga a bheith oscailte i gcónaí agus aon bhuaireamh nó gearán a bheadh acu faoi aon ghné den eagraíocht a roinnt leis an duine animnithe idirchaidrimh

Is cóir eispéaras dearfach a bheith ag leanaí agus daoine óga a fhreastalaíonn ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an eagraíocht, mar ar féidir leo rudaí nua a fhoghlaim i dtimpeallacht shábháilte agus dearfach.

Mar thuismitheoir linbh/duine óig a fhreastalaíonn ar ghníomhaíochtaí le COLÁISTE UÍ CHADHAIN TEO táthar ag súil leis go gcloífidh tú leis an gcód iompair seo a leanas.

Mar thuismitheoirí/chaomhnóirí táthar ag súil go ndéanfaidh tú a leanas:

- do leanbh/dhuine óg a atreisiú go dearfach agus spéis a léiriú san ghníomhaíocht is rogha leo;
- tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht do linbh/dhuine óig agus cabhrú leo sult a bhaint as an ngníomhaíocht;
- gan do leanbh/dhuine óg a chur faoi bhrú gníomhaíochtaí a dhéanamh nach mian leo;
- an Fhoirm um Shláinte agus Shábháilteacht a bhaineann le rannpháirtíocht do linbh/dhuine óig san eagraíocht a chomhlánú agus a chur ar ais;
- aon bhuaireamh sláinte a bhaineann le do leanbh/dhuine óg a mhionsonrú ar an bhfoirm toilithe. Is cóir aon athrú i riocht sláinte an linbh/duine óig a thuairisciú don fhoireann roimh ghníomhaíochtaí;
- do leanbh/dhuine óg a spreagadh chun cloí leis na rialacha agus a mhúineadh dóibh nach féidir leo ach a ndícheall a dhéanamh;
- dea-eiseamláir a thabhairt trí chothrom na féinne a aithint agus ardchaighdeán ó chách a mholadh;
- tú féin a iompar go freagrach, gan náire a tharraingt ar do leanbh/dhuine óg;
- teanga cheart chuí a úsáid i gcónaí;
- do leanbh/dhuine óg a spreagadh agus a threorú chun freagracht a ghlacadh as a n-iompraíocht féin;
- buíochas agus tacaíocht a léiriú don fhoireann;
- a dheimhniú go bhfuil a leanbh/duine óg poncúil;
- a bheith réadúil agus tacúil;
- éadaí agus trealamh chearta de réir gníomhaíochtaí a chur ar fáil do do leanbh/dhuine óg;
- a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais sláinteachais agus chothaithe do linbh/dhuine óig;
- aitheantas a thabhairt do thábhacht agus do ról fhoireann na heagraíochta a chuireann a gcuid ama ar fáil lena chinntiú go bhfuil do leanbh/dhuine óg rannpháirteach sna gníomhaíochtaí.

Mar thuismitheoirí/chaomhnóirí tá de cheart agat:

- a fhios a bheith agat go bhfuil do leanbh/dhuine óg sábháilte;
- a bheith curtha ar an eolas faoi fhadhbanna nó bhuartha a bhaineann le do leanbh/dhuine óg;
- a bheith curtha ar an eolas má ghortaítear do leanbh/dhuine óg;
- go n-iarrfaí do chead i gcomhair saincheisteanna amhail turais, grianghrafadóireacht, na meáin etc.;
- cur le cinntí laistigh den eagraíocht;
- gearán a dhéanamh má bhíonn buartha agat;

Tabharfaidh an eagraíocht faoi aon oilghníomh agus sárú ar an gcód iompair seo láithreach.

D'fhéadfadh sé gurb é an gníomh deiridh má leanann thuismitheoir/caomhnóir ag sárú an chóid iompair ná go n-iarrfaidh an eagraíocht, ar an drochuair, ar an leanbh/duine óg an eagraíocht a fhágáil.

## Treoir ar Mheáin Shóisialta a Úsáid do Dhaoine a Oibríonn le Daoine Óga

Gnáth chuid de shaol an uile lae is ea iad na meáin shóisialta agus suímh gréasáin. Tá a lán daoine cláraithe ar shuímh mar Facebook, Youtube, Instagram, Myspace agus Twitter. Tugann na meáin shóisialta deiseanna ar leith d'eagraíochtaí spóirt teagmháil, naisc agus caidrimh ar leith a dhéanamh le daoine i modh cruthaitheach, dinimiciúil ina bhfuil úsáideoirí ina rannpháirtithe gníomhacha. Is féidir eolas faoi ócáid nó faoi fheachtas a scaipeadh go mear i measc lucht tacaíochta i bpobail ar líne. Ach ní mór dúinn bheith eolach go bhféadfaidh na suímh seo bheith mar fhóram diúltach ina bhfuil gearáin agus cúlchaint agus ní mór aire a thabhairt **nach** sáraítear Cód Iompraíochta do chlub/d'eagraíochta nó an *Data Protection Act* 1998.

### Na Rioscaí

Leis na cineálacha teicneolaíochta go léir atá ag teacht chun cinn tá an fhéidearthacht ann go dtarlódh mí-úsáid. I measc rioscaí a bhaineann le seirbhísí idirghníomhacha d'úsáideoirí tá: cibear-bhulaíocht, mealltóireacht agus mí-úsáid fhéideartha, goid aitheantais, agus i measc ábhair mhí-oiriúnacha arbh fhéidir a fheiceáil tá ábhar a bhaineann le féin dochar, ábhar ciníoch, ábhar fuatha agus pornagrafaíocht a bhaineann le daoine fásta. Leagann Athbhreithniú Byron amach na rioscaí do pháistí a bhaineann leis an Idirlíon. Tá siad le feiceáil sa tábla seo thíos.

	Trádáil	Ionsaitheach	Cúrsaí Gnéis	Luachanna
Ábhar (páiste mar fhaighteoir)	Fógraí Turscar Urraíocht Eolas pearsanta	Ábhar foréigneach/fuatha	Pornagrafaíocht nó ábhar gnéasach nach n-iarrtar	Claonadh Ciníoch Eolas míthreorach
Teagmháil (páiste mar rannpháirtí)	Rianú Eolas pearsanta a bhailiú	Bulaíocht, ciapadh nó stalcaireacht a fhulaingt	Bualadh le strainséirí Mealltóireacht ar pháiste	Féin dochar Daoine ag áiteamh, gan iarraidh, ar pháiste
Iompraíocht (páiste mar ghníomhaí)	Íoslódáil mhídhleathach Bradaíl Cearrbhachas Sceamáileacha Sceimhlitheoireacht	Bulaíocht nó ciapadh ar dhuine eile	Gnéastéacsáil - Ábhar míchuí a chruthú agus a íoslódáil	Eolas/comhairle atá míthreorach a chur ar fáil

Mar gheall ar na cumais a bhaineann le seirbhísí líonraithe sóisialta féadfaidh níos mó féidearthachta a bhaineann le dúshaothrú páistí agus daoine óga a bheith ann. Bhí roinnt cásanna ann a ndearnadh tuairisciú mór orthu inar úsáid daoine fásta líonrú sóisialta agus seirbhísí idirghníomhacha eile mar mhodh le páistí agus daoine óga a mhealladh i gcomhair mí-úsáid ghnéasach. I measc teicnícíochta mealltóireachta ar líne tá:

- sonraí pearsanta a bhailiú, mar aois, ainm, seoladh, uimhir fóin phóca, ainm scoile agus grianghraif,
- cruinnithe a ghealladh le mórphearsaí spóirt nó daoine clúiteacha nó marsantacht a thairiscint;
- ticéid ar shaor chonradh chuig ócáidí spóirt nó ceoil a thairiscint,
- fíor bhronntanais a thairiscint, lena n-áirítear cluichí leictreonacha, ceol nó bogearraí,
- daoine óga a íoc le hiad féin a nochtadh agus gníomhartha gnéasacha a dhéanamh,
- bulaíocht agus iompraíocht imeaglaithe, sceitheadh ar an pháiste, mar shampla, trí theagmháil a dhéanamh lena dtuismitheoirí le hinsint dóibh faoi chomhfhreagras nó faoi phostálacha a bpáiste ar shuíomh líonraithe sóisialta, agus/nó a rá go bhfuil a fhios acu cá bhfuil an pháiste ina chónaí, a mbíonn sé ag imirt spóirt nó a dtéann sé ar scoil,
- ceisteanna a chur a bhaineann le gnéas, leithéid ‘An bhfuil stócach agat?’ nó ‘An maighdean thú?’,
- iarraidh ar pháistí agus ar dhaoine óga bualadh leo as líne
- íomhánna a bhaineann le gnéas a chur chuig páiste, a léiríonn ábhar do dhaoine fásta nó mí-úsáid páistí eile,
- ligean orthu gur mionaoiseach iad nó féiniúlacht bhréagach a úsáid ar shuíomh líonraithe sóisialta le bob a bhualadh ar pháiste, nó
- suímh a bhaineann le caithimh aimsire (spóirt san áireamh) le faisnéis a bhailiú faoi spéis páiste agus faoi na rudaí is maith agus nach maith leis a bhailiú. Déanann an chuid is mó suímh líonraithe leathanach gréasáin/próifíl páiste príobháideach mar réamhshocrú leis an riosca go roinnfí eolas pearsanta i limistéar poiblí den suíomh a laghdú.

### **Rialacha Éasca le Cuimhneamh:**

Má tá a bpróifíl phearsanta féin ag duine ar shuíomh gréasáin a bhaineann le meáin shóisialta, ba chóir dóibh a chinntiú nach féidir le haon duine eile rochtain a fháil ar aon ábhar, meáin nó faisnéis ón bpróifíl sin:

- a) nach bhfuil siad sásta go mbeadh rochtain ag daoine eile air; agus/nó
- b) a chuirfeadh isteach ar a stádas mar chóitseálaí spóirt/shaorálaí a dhéanann ionadaíocht ar son a neagraíochta/gclub.

Mar bhun riail, muna bhfuil tú sásta go bhfeicfidh daoine eile tráchtairachtaí, meáin nó faisnéis áirithe, **ná postáil** iad ar shuíomh fóraim phoiblí. Nuair atá tú ag úsáid suímh meán sóisialta is cóir a leanas a chur san áireamh:

- Do shocruithe príobháideachais a athrú ar an bpróifíl ionas nach bhfeicfidh aon duine do thráchtairachtaí ach daoine atá glactha agat mar chairde. Is cóir do dhaoine a leathanach a ghlasáil ar dhaoine nach cairde iad
- Athbhreithnigh na daoine atá ar an liosta cairde ar do phróifíl phearsanta. De ghnáth níor cheart duit glacadh le hiarratais chairdis mura bhfuil aithne agat go fíor ar an duine nó na daoine atá i gceist.
- Bí cinnte go bhfuil séantóirí ar bhlaganna pearsanta a mhíniú go bhfuil na tuairimí a léirítear pearsanta agus nach bhfuil siad ionadaíocht ar chlub nó ar spórt ar leith.
- Cinntigh go bhfuil faisnéis a fhoilsítear ar suímh meán sóisialta ag cloí le cód iompraíochta an chlub nó na heagraíochta.
- Bí airdeallach ar an dóigh ar féidir d'iompar a cheapadh via íomhánna, postálacha nó tráchtairachtaí.
- Freagairt don bhulaíocht ar líne - ba cheart plé lena ndeirtear ar líne amháil is go ndeirtear san fhóir shaol é.
- Níor cheart do dhaoine a bhfuil údarás acu daoine faoi 18 a chóitseáilann siad a bheith mar chairde acu agus ná déan tráchtairacht ar imreoirí ar leith atá á gcóitseáil agat trí do leathanach pearsanta.

## **Prionsabail**

- Má tá tú ag déanamh ionadaíochta thar ceann do chlub go hoifigiúil, tá sé tábhachtach go gcuireann do chuid postálacha an meon dearfach céanna in iúl agus a dhéanfadh do chlub/spórt ina chomhfhreagras go léir. Bí measúil ar gach duine, cine, creideamh agus cultúr. Ní hamháin go dtarraingíonn an bealach a n-iompraíonn tú thú féin ar líne aird ort féin - tarraingíonn sé aird go díreach ar do spórt/chlub.
- Nuair a easaontaíonn tú le tuairimí daoine eile, coinnigh é cuí agus béasach. Má tá tú i ndálaí a d'fhéadfadh éirí teasaí, ná bí cosantach nó ná scoir den chomhrá go tobann. Tá sé tábhachtach freisin gan freagra a thabhairt nuair atá tú tógtha, ar bhealach a chuirfeadh aiféala ort ar ball. Tá cead agat comhairle a lorg nó scor den chomhrá ar bhealach béasach a thabhaíonn dea-chlú ort agus ar do spórt/chlub.

Le tuilleadh eolas ar na meáin shóisialta mar a bhaineann le cumhdach páistí, déan teagmháil, le do thoil, le heagras rialaithe do spóirt nó téigh chuig acmhainní ar líne CPSU.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat dul chuig an gcomhairle ar an suíomh Safer Network [http://www.safenetwork.org.uk/help\\_and\\_advice/pages/using\\_social\\_media.aspx](http://www.safenetwork.org.uk/help_and_advice/pages/using_social_media.aspx)

### **Treoirínite ar Theachtaireachtaí Téacs agus R-Phoist:**

#### Teachtaireachtaí Téacs

Tá teachtaireachtaí téacs ar na modhanna is díri cumarsáide nó bíonn guthán póca ar iompar ag formhór leanaí & daoine óga i dtólamh, ach i measc na rioscaí do leanaí & daoine óga a bhaineann le teachtaireachtaí téacs tá:

- rochtain mhíchuí ar shonraí pearsanta, úsáid sonraí pearsanta nó comhroinnt sonraí pearsanta (e.g. ainmneacha, uimhreacha guthán póca);
- teagmháil gan iarraidh le leanaí & daoine óga ag daoine fásta a bhfuil drochrún acu;
- téacsbhulaíocht ag piaraí;
- ábhair mhaslacha nó mhíchuí ar bhealaí eile a bheith curtha;
- grúmaeireacht le haghaidh mí-úsáide;
- teagmháil dhíreach agus mí-úsáid.

Do dhaoine fásta áirítear a leanas ar na rioscaí:

- míchiall a bhaint as a gcumarsáid le leanaí/daoine óga;
- fiosrúchán féideartha ag údaráis inmheánacha nó reachtúla;
- gníomh féideartha smachta.

Tuigean an eagraíocht gurb ann do na rioscaí seo agus gur chóir bearta éifeachtacha sábháilteachta a bheith i bhfeidhm chun leanaí & daoine óga a chosaint agus an riosca don eagraíocht a íoslaghdú. Méadaíonn úsáid teachtaireachtaí téacsanna, le cumarsáid a dhéanamh le leanaí & daoine óga aonaracha, an baol don leanbh/duine óg agus don fhoireann araon. Mar sin níor cheart d'eagraíocht a shocrú teachtaireachtaí téacs a úsáid gan plé inmheánach agus comhaontú scríofa. Cinnteoidh seo gur féidir ionchais agus riachtanais na heagraíochta i leith cumhdach leanaí a shoiléiriú.

Bun-treoirínite i gcomhair teachtaireachtaí téacs is ea a leanas:

- is cóir d'eagraíochtaí céimeanna a ghlacadh chun a aithint cá/cathain atá teachtaireachtaí téacs riachtanach le cumarsáid a dhéanamh le leanaí & daoine óga agus nósanna imeachta a fhorbairt a fhóirfidh do riachtanais gach eagraíochta;
- ní cóir teachtaireachtaí téacs ón fhoireann a dhéanamh ar leithligh. Is cóir plé agus comhaontú/nósanna imeachta scríofa a bheith ann;



- is cóir cóip de gach teachtaireacht a chur chuig an Oifigeach Ainmnithe laistigh den eagraíocht ionas go bhféadfaidh sé a chinntiú go bhfuil gach teachtaireacht á húsáid go cuí;
- ní mór toiliú tuismitheora a fháil sula gcuirtear teachtaireachtaí téacs chuig aon leanbh nó duine óg. Ní mó an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheith cóipeáilte isteach in aon teachtaireacht téacs a fhéadfaidh a bheith curtha chuig a leanbh/nduine óg;
- is cóir eolas a thabhairt do leanaí & daoine óga, do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus don fhoireann maidir le conas aon bhairt a bhaineann le teachtaireachtaí téacs míchuí a thuairisciú i gcomhréir le polasaí na heagraíochta um cumhdach leanaí;
- is cóir gach uimhir ghutháin phóca a bheith curtha i dtaisce i gcaibinéad slán faoi ghlas nó ar chóras leictreonach faoi chosaint pasfhocail a bhfuil rochtain air ag na baill foirne chuí atá ag teastáil chun téacs a chur chuig an leanbh/duine óg;
- is cóir ábhar téacsanna a bheith bainteach le gnó/ngníomhaíocht na heagraíochta amháin;
- ní cóir riamh go mbeadh aon teanga mhaslach, spídiúil nó mhíchuí ann agus ní mór cúram a ghlacadh aon róchairdeas nó aon teanga a bhféadfaí míchiall nó mímhíniú a bhaint as a sheachaint;
- ní cóir leanaí & daoine óga a spreagadh le téacsáil ar ais. Is fearr é a úsáid mar bhealach cumarsáide aontreoch. Is cóir a chur in iúl do leanaí & daoine óga má thograíonn siad nó más gá dóibh téacs a chur chuig ionadaí na heagraíochta gur cóir dóibh a chinntiú go mbaineann ábhar na dtreachtaireachtaí le níthe a bhaineann leis an ngnó/ngníomhaíocht amháin agus nach mór dóibh cóipeáil chuig a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí i gcónaí;
- is cóir an deis a thabhairt do gach leanbh & duine óg tarraingt siar ó bheith ag fáil aon teachtaireachtaí téacs eile;
- breathnófar ar pholasaithe um chumhdach leanaí agus nósanna imeachta smachta a thionscnamh má tharlaíonn aon sárú ar an treoirlíne seo, ar a n-áireofar comhairlúchán le, nó atreorú chuig na húdaráis reachtúla má thagann aon chomhartha de ghníomhaíocht mhídhleathach (e.g. grúmaeireacht le haghaidh mí-úsáide) chun solais.

## Ríomhphost

Tá fonn mór ar chuid mhór eagraíochtaí an ríomhphost a úsáid chun cabhrú le rochtain a mhéadú ar a n-eagraíocht. Ar na rioscaí maidir le cumhdach leanaí a bhaineann le ríomhphost do leanaí & daoine óga tá:

- rochtain mhíchuí ar shonraí pearsanta, úsáid sonraí pearsanta nó comhroinnt sonraí pearsanta (e.g. ainmneacha, uimhreacha guthán póca);
- teagmháil gan iarraidh le leanaí & daoine óga ag daoine fásta a bhfuil drochrún acu;
- téacsbhulaíocht ag piaraí;
- ábhair mhaslacha nó mhíchuí ar bhealaí eile a bheith curtha;

## Treoirlínte maidir le Grianghraf a Thógáil agus Físeáin a Dhéanamh

Lasmuigh de na forálacha atá sna hAchtanna um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht 1988/2004, ina bhfuil forálacha sonracha maidir le dúshaothrú leanaí, níl aon srian dlíthiúil sonracha ar dhuine ar bith grianghraif a thógáil ná ábhar físe a thaifeadadh le leanaí agus daoine óga. Tá grianghraif agus íomhánna físe rangaithe mar shonraí pearsanta faoi théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1998/2003.

Níor chóir íomhánna taifeadta a dhéanamh, a choinneáil agus a úsáid ach amháin nuair atá cúis bhailí lena ndéanamh a bhaineann leis an ngníomhaíocht atá i gceist.

- Ba chóir taifeadadh íomhánna a mhaoirsiú díreach mar a dhéanfaí le gníomhaíocht ar bith eile.
- Ba chóir a chur in iúl do leanaí, do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí/ gcúramóirí roimh ré go dtógfad íomhánna agus cathain a dtógfad iad, agus ba chóir a dtoilíú a iarraidh chun na híomhánna a choimeád agus a úsáid. Tugtar **toiliú eolasach** air seo.
- Ba chóir leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le conas agus cá háit a úsáidfear a gcuid íomhánna.
- Níor chóir íomhánna a úsáid ach don chuspóir/do na cuspóirí réamhaontaithe.
- Níor chóir íomhánna a úsáid ach amháin sa chomhthéacs atá beartaithe dóibh agus níor chóir iad a úsáid lasmuigh den chomhthéacs sin.
- Go ginearálta níor chóir na leanaí a aithint, ach amháin nuair atáthar ag tabhairt aitheantas dóibh go poiblí (m.sh. dámhachtain, taibhléiriú, gnóthachtáil) dá bhfuil toiliú faighte.
- Chun críocha poiblíochta, is fearr grianghraif a thógáil de ghrúpaí seachas de dhuine aonair.
- Bí cinnte go bhfuil gach leanbh agus duine óg gléasta go cúí.
- Bí cinnte nach gcuireann na híomhánna náire, anacair ná suaithheadh ar na leanaí ná nach gcuidíonn siad chun é sin a dhéanamh.
- Úsáid íomhánna a léiríonn éagsúlacht na leanaí agus na ndaoine óga atá rannpháirteach in aon ghníomhaíocht nó in aon suíomh faoi leith.
- Ná húsáid íomhánna de leanaí nó de dhaoine óga a fheictear mar dhaoine soghonta nó a dteastódh cosaint aitheantais uathu.
- Is féidir cead a iarraidh chun íomhánna de leanaí agus de dhaoine óga a thógáil agus a úsáid mar chuid dá bpróiseas cláraithe ar ghníomhaíocht, chlár nó imeacht.
- Níor chóir go mbeadh teorainn le rannpháirtíocht na leanaí nó na ndaoine óga i gníomhaíochtaí de bharr toiliú a dhiúltú.
- Sa chás go gcoinnítear íomhánna le haghaidh úsáide amach anseo ba chóir ainmneacha, dátaí ábhartha agus faisnéis chomhthéacsúil eile a stóráil in éineacht leo chomh maith le toiliú sínithe le haghaidh a n-úsáide.
- Ba cheart íomhánna a stóráil go cúramach, le toiliú ceangailte leo nó crostagartha dóibh.

- Níor chóir íomhánna a thabhairt do thríú páirtithe lena n-úsáid ach amháin má aontaíodh a leithéid mar chuid den phróiseas toilithe.

Ba chóir na cúinsí ina bhféadfaí leanbh nó duine óg a mheas mar dhuine soghonta a phlé le tuismitheoirí nó cúramóirí.

### **Foinse: Treoirínte maidir le híomhánna de leanaí agus dhaoine óga a thógáil agus a úsáid san earnáil ealaíon**

- Ná húsáid ainm an linbh agus a híomhá i dteannta a chéile
- Iarr cead
- Ná húsáid íomhánna de leanaí nach bhfuil gléasta mar is cuí
- Lean an nós imeachta um chosanta leanaí chun úsáid mhíchúí maidir le híomhánna de leanaí a thuairisciú.

### **Dlúth Chúram**

Tá COLÁISTE UÍ CHADHAIN TEO tugtha do chothrom na féinne a thabhairt do chuile pháiste comhréir le téarmaí na hAchtanna Chomh Stádas Ionainn 2000 – 2004

Baineann sé le hábhair ar nós fostaíochta, soláthar earraí agus seirbhísí, ar a n-áirítear oideachas.

### **Cuirtear cosc ar idirdhealú/leithcheal ar na 9 gcúis seo a leanas**

1. Inscne
2. Stádas Pósta
3. Stádas clainne
4. Claonadh gnéasach
5. Reiligiún
6. Aois – (baineann seo le daoine os cionn 18 bliain).
7. Míchumas
8. Cine
9. Ball den Lucht Siúil

### **Míchumas**

Chun go n-oibreodh cuimsiú caithfear creidiúint go bunúsach go bhfuil na cearta céanna ag páistí faoi mhíchumas maidir le ár bhforáil is atá ag duine ar bith eile.

### **Míchumas agus Cúram Leanaí**

Fuarthas amach i staidéar amháin sna Stáit Aontaithe go raibh baol trí huaire níos mó go ndéanfaí droch úsáid fhisiciúil, mhothúchánach nó ghnéasach nó go ndéanfaí faillí ar pháistí faoi mhíchumas i gcomparáid le páistí gan mhíchumas.

### **Dlúth chúram**

Ba chóir aon chinneadh maidir leis an té a sholáthraíonn dlúth chúram a phlé go mion agus a aontú le gach

duine lena mbaineann sé.

Tabharfar aird ar na gnéithe seo a leanas:

- Tuairimí an pháiste;
- Tuairimí na dtuismitheoirí;
- Do thuairimí féin;
- Aois an pháiste;
- Cúlra eitneach an pháiste
- Tuairimí an bhean tí
- Tuairimí cinnirí agus múinteoirí

Is ceart plean a leagadh amach le tuismitheoir an pháiste roimh ré, le comhairle dochtúra más gá, agus go mbeadh an plean seo scríofa síos agus curtha i bhfeidhm. Tabharfar traenáil cuí dóibh siúd a bheidh páirteach i ndlúth chúram an pháiste.

Ná glac le tascanna a bhaineann le dlúth chúram faoi dheifir

Caith le gach páiste le dínit agus meas

Cinntigh príobháideacht mar is cuí.

Bíodh an páiste páirteach más féidir ina d(h)lúth chúram féin.

Cinntigh go bhfuil an dlúth chúram chomh comhsheasmhach agus is féidir.

Má bhíonn inní ort faoi aon rud a bhaineann leis an dlúth chúram, déan é a thuairisciú.

Gan leanaí agus daoine óga le riachtanais speisialta a fhágáil amuigh agus a bheith tuisceanach leo;  
Pleanáil agus ullmhúchán a dhéanamh i gcónaí go fisiciúil agus ó thaobh intinne de.

### **Taistil**

Seachain síob a thabhairt do leanbh/duine óg agus má dhéanann bí cinnte go gcuirtear na príomchúramóirí ar an eolas;

Géill do rialacha an bhóthair.

### **Substaintí**

[www.education.ie/ga/.../spp\\_substance\\_use\\_notes\\_template\\_ir.doc](http://www.education.ie/ga/.../spp_substance_use_notes_template_ir.doc)

*Treoirínte chun Beartas Scoile um Úsáid Substaintí a fhorbairt*

<http://www.scoilraifteiri.com/polasaithe/%DAs%E1id%20Substaint%ED.pdf>

Tá sé mar aidhm ag Coláiste na Gaeilge stíleanna beatha sláintiúla a chur chun cinn do gach duine i dtimpeallacht shábháilte, thacúil agus neamhbhagarthach. Cuirtear an fhís seo de Choláiste Geilte chun cinn agus cuirtear léi trí bheartas comhaontaithe a chur i bhfeidhm a rialóidh úsáid substaintí.

- Conas a thugtar aghaidh ar eachtraí a bhaineann le

(a) **Alcól:** Níl cead ag aon scoláire alcól a ól agus iad ar chúrsa de chuid Choláiste Uí Chadhain

Má sháraítear na rialacha seo, is é seo a tharlóidh cuirfear an scoláire abhaile gan aon aisíocaíocht taillí.

(b) **Tobac:** Níl cead ag aon scoláire alcól a ól agus iad ar chúrsa de chuid Choláiste Uí Chadhain. Má sháraítear na rialacha seo, is é seo a tharlóidh cuirfear glaoch abhaile ar thuismitheoirí

(c) **Úsáid Drugaí Mídhleathacha:** Tá úsáid drugaí in aghaidh an dlí. Cuirfear an scéal chuig an Garda Síochána. Má sháraítear na rialacha seo, is é seo a tharlóidh cuirfear an scoláire abhaile gan aon aisíocaíocht taillí.

- Sonraigh na céimeanna/gníomh atá le glacadh ina leith sin agus cé a ghlacfaidh na céimeanna/gníomh sin i gcás eachtra.

## Foireann

Ráiteas i dtaobh Beartas Bainistíochta Foirne

Seo a leanas iad na prionsabail a leantar san eagraíocht, d'fhonn an fhoireann (idir íochta agus deonach) agus leanaí/daoine óga a chosaint.

Dualgais a bhaineann le baill nua foirne:

- Páirt a thógáil i seisiún ionductaithe oiliúna a bheidh riachtanach;
- Bheith ar an eolas faoi chód iompair na heagraíochta, nósanna imeachta i dtaobh chosaint leanaí, agus faoi ainm agus ról an té atá ceaptha chun déileáil le ceisteanna i gcásanna ar leith;
- Tréimhse thrialach nó phromhaidh a chur isteach.

Maidir leis an bhfoireann:

- Déanfar feitheoireacht chuí orthu féin agus athbhreithniú oiriúnach ar a gcuid cleachtas oibre;
- Beidh orthu an Ráiteas i dTaobh an Bheartais um Chosaint Leanaí a bheith léite agus sínithe acu;
- Cuirfear oiliúint maidir le cosaint leanaí ar fáil dóibh.

## Mná Tí

Is gá a bheith cinnte i gcónaí cé atá freagrach as leas na bpáistí agus as tuairisc a dhéanamh don duine ainmnithe faoi imní ar bith nó eachtra ar bith a bhain do pháiste sa Choláiste. Tá sé de chead ag Bean an Tí dul i gcomhairle leis na n-oibrithe sóisialta ag am ar bith le imní a phlé leo agus a comhairle a lorg.

Is daoine leochaileacha iad paistí óga as baile go mór mór iad siúd ar a gcéad turas chun na Gaeltachta. Tá Bean a 'tí suite go maith le haon ábhar buartha a thabhairt faoi deara. Má tá imní ar Bhean an Tí tá sé de dhualgas uirthi dul i gcomhairle chun déileáil leis na himní seo.

Caithfidh gach Bean an Tí Measúnú Riosca a dhéanamh ar chuile suíomh agus imeacht atá sí bainteach leis. Tá cabhair ar fáil ó [www.BeSmart.ie](http://www.BeSmart.ie) le ráiteas sláinte agus sábháilteachta a chumadh agus a líonadh. Agus an measúnú seo déanta chuirfidh Bean an Tí plean i bhfeidhm le dul i ngleic le riosca ar bith a aithnítear mar a bheadh aláraim dóiteáin, druileanna tine, bulaíocht agus araile.

Chuirfear in iúl do Bhean an Tí eolas ar gá di a bheith aici faoi shláinte aon pháiste. Má oireann, cuirfear traenáil agus oiliúint ar fáil do bhean an tí mar a bhaineann se le húsáid EPIPEN i gcás ailléirgí agus céard le déanamh i gcás tinneas cosúil le titimis. Má tá riachtanais dlúth chúram ag páiste cuirfear é seo in iúl do

Bhean an Tí agus leagfar amach plean don pháiste sin le cinntiú go bhfuil sé/sí ag fáil an cúram a theastaíonn.

Caithfidh gach duine os cionn 16 sa teach, nó atá ag obair sa teach, grinn fhiosrúcháin na Gardaí a bheith acu.

Ba cheart go mbeadh traenáil cosaint leanaí, traenáil gar chabhair agus traenáil a bhaineann le bia ar nós HACCP ([http://www.fsai.ie/food\\_businesses/haccp/haccp.html](http://www.fsai.ie/food_businesses/haccp/haccp.html)) a bheith déanta ag mná tí

Beidh teacht ag Bean an Tí i gcónaí (lá agus oíche) ar an duine ainmnithe idir chaidrimh nó an leas duine idir chaidrimh.

Má bhaintear páistí ó theach ar bith de bharr sárú rialacha beidh córas achomhairc ann bunaithe ar phrionsabail ceartas aiceanta ag a dtabharfar éisteacht do bhean an tí

### **Cód Iompar**

Ba cheart cruinniú a bheith ann sa teach ar an gcéad oíche ar mhaithe le leas na ndaltaí. Ba cheart go bpléifí ag an cruinniú sin an iompar atáthar ag súil leis ó na ndaltaí, an cinnire tí, bean an tí agus a gclann, cuairteoirí. Pléfar an ráiteas sláinte agus sábháilteachta agus céard le déanamh sa chás go dtarlaíonn timpiste nó eachtra. Pléifear leis na ndaltaí céard is ceart dóibh a dhéanamh má tá aon ní ag déanamh imní dóibh nó má tá éagóir á dhéanamh orthu. Déanfar plé ar rochtain Wi-Fi más ann dó, ar thráthanna codlata, ar breathnú ar theilifís.

Ní mór do bhean a tí a bheith sa teach i gcónaí nuair atá na daltaí ann. Má tharlaíonn gur gá di dul amach ní mór duine fásta a fhágáil ina háit. Ní ceadmhach duine óg faoi 21, fiú duine den chlann, a fhágáil i mbun na ndaltaí.

Má tá dalta tinn ba chóir scéal a chur chuig an príomhoide láithreach.

Níor chóir go mbeadh aon duine den líon tí riamh faoi rian an óil i láthair na ndaltaí.

### **Taifid**

- Déanfaidh Bean an Tí nóta a choinneáil de gach timpiste beag nó mór.
- Déanfaidh Bean an Tí taifid a choinneáil den bhia a thugtar do na daltaí
- Déanfaidh Bean an Tí taifid a choinneáil ar aon imní nó eachtra, nó scéal a n-insítear di, a bhaineann le mí úsáid páiste.

### **Cinnirí**

Déanfaidh cinnirí traenáil cosaint leanaí bunaithe ar phrionsabail Tús Áite do Leanaí

Mar Cheannaire, tá ról an-tábhachtach agatsa i soláthar ard chaighdeán cabhrach agus aire do na mic léinn. Is í ár gcéad aidhm ná cosaint agus leas an pháiste.

Bí ag síor fhaire ar shábháilteacht na ndaoine óga. Bí ag cuimhneamh ar na dainséir a d'fhéadfadh a éirí. Is mór an chabhair í réamhphleanáil a bheith déanta in éadan na n-ócáidí dainséireacha nó trioblóideacha a d'fhéadfadh tarlú.

Ná ceadaiigh iompar dainséarach

Ná ceadaiigh iompar íditheach – tromaíocht, tarcaisne nó magadh. Ná déan iarracht déileáil le tromaíocht leat féin – faigh cabhair i gcónaí ón fhoireann.

Ná lig do líomhaintí mí úsáide a dhéantar a dhul gan thaifid agus tuairisc.

Léirigh meas ar gach mac léinn mar dhuine aonarach. Bí tuisceanach i gcás duine óig nach bhfuil sásta nó fonnmhar a bheith comhpháirteach in imeachtaí spóirt etc.

Ná léirigh fabhar d'aon scoláire seachas a chéile.

Aithin an ceart atá ag gach duine do phríobháideachas agus deimhnigh go n-aithníonn daoine eile an ceart sin freisin.

Éist i gcónaí le duine óg a thagann chugat le fadhb. Bí aireach faoi thromaíocht agus faoi dhrochíde. Is minic a choinnítear tromaíocht agus drochíde faoi cheilt.

Moltar gan a bheith i do aonar le paiste.

Tabhair deá-shampla i d'iompar pearsanta féin

Má thagann tú ar eolas faoi aon eachtra nó má mheasann tú go bhfuil drochíde d'aon chineál ar siúl, inis a bhfuil cloiste nó ar eolas agat don duine ainmnithe idir chaidrimh **láithreach**. Déan nóta faoi chomh luath agus is indéanta, sínigh é agus cuir dáta air agus tabhair don duine ainmnithe idir chaidrimh é.

Déan plé le iompar dúshlánach de réir an pholasaí a bhaineann leis.

Táthar ag dréim leis ón bhfoireann:

Gach leanbh agus duine óg a spreagadh gan idirdhealú a dhéanamh ar bhonn creidimh, cine, inscne, aicme shóisialta nó easpa cumais;

Gan ligean d'aon líomhain mí-úsáide dul gan a dhúshlán a thabhairt nó gan a thaifeadadh más cuí.

Timpistí nó tarlúintí de mhí-úsáid líomhnaithe a thuirisciú don duine ainmnithe;

A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm cearta agus freagrachtaí leanaí agus daoine óga;

Meas a thabhairt ar agus éisteacht le barúlacha leanaí agus daoine óga;

Am a ghlacadh le treoracha a mhíniú le cinntiú go dtuigtear i gceart iad;

A bheith ina n-eiseamláir (maidir le smacht/tiomantas/coinneáil ama). Cuimhnigh gur ó eiseamláir a fhoghlaimíonn leanaí.

Tá an ceart ag baill foirne: oiliúint leanúnach agus eolas a bheith ar fáil dóibh ar gach gné de bheith ag obair le leanaí agus daoine óga, go háirithe ar chumhdach leanaí;

Tacaíocht maidir le tuairisciú mí-úsáid líomhnaithe;

A bheith in ann teacht ar sheirbhísí gairmiúla tacaíochta;

Déileáil chóir agus chothrom ón lucht bainistíochta;

A bheith cosanta ó mhí-úsáid ó leanaí & daoine óga, ó dhaoine fásta eile ar baill iad, agus ó thuismitheoirí/chaomhnóirí;

Gan a bheith fágtha gan chosaint agus iad ag obair le leanaí

Déileálfar láithreach bonn le haon oilghníomh agus mí-iompraíocht ghinearálta agus tuairisceofar é ó bhéal don duine ainmnithe. Má sháraítear an cód go leanúnach iarrfar ar an mball foirne tarraingt siar ón obair, nó cuirfear é/í ar fionraí le pá, ag feitheamh le fiosrú de réir polasaithe agus nósanna imeachta;

Féadann baill foirne dífhostú a achomharc agus is ag lucht na bainistíochta atá sé cinneadh deireanach a dhéanamh.

- Ól
- Tobac
- Am Saor
- Siúl amach
- 

## **Turais**

- Déanfar dian phleanáil ar gach gné den turas
- Déanfar seiceáil ar an gcomhlacht bus
- Déanfar measúnú riosca ar chuile imeacht a bheidh i gceist
- Pléifear rialacha an lae leis na daltaí
- Cinnteofar go bhfuil árachas cuí ar fáil
- Leagfar amach cóimheas foirne in aghaidh páistí
- Tabharfar cuairt ar an ionad roimh an turas agus pléifear polasaithe cosaint leanaí
- Déanfar na páistí a chomhaireamh tar éis gach imeacht agus roimh taistil
- Leagfar amach an chaoi a ndéanfar stiúradh orthu siúd nach mbeidh ag ghlacadh páirt in aon imeacht.
- Leagfar amach cé a bheidh ar fail le garchabhair a dhéanamh
- Beidh ar a laghad beirt bhaill foirne ar gach bus
- Beidh ar a laghad aon charr amháin ann ar mhaithe le páistí tinn nó i gcásanna éigeandála
- Beidh uimhreacha éigeandála ag an bPríomhoide
- Beidh uimhreacha fóin póca ag an bPríomhcoide
- Beidh plan ann le aire a thabhairt do pháistí tinn nach mbeidh in ann taistil.
- Tabharfar am filleadh abhaile do Bhean an Tí



## Eile

### Foirmeacha Thoilithe Tuismitheora

- Cead chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht faoi leith
- Córas/modh iompair
- Cógais
- Nósanna imeachta i dtaca le héigeandáil leighis/míochaine

### Foirm Sláinte

- Eagraíocht/imeacht/rannpháirtí
- Sonraí pearsanta
- Sonraí teagmhála i gcás éigeandála.
- Sonraí dochtúra
- Sonraí sláinte/míochaine
- Cógais reatha
- Sonraí ábhartha eile

### Gníomhaíochtaí

- Siúl chuig an gColáiste agus ar ais go dtí an teach lóistín
- Úsáid an bhus idir an Teach Lóistín agus an Coláiste
- Freastal ar ranganna teagaisc
- Rannpháirtíocht in imeachtaí spóirt
- Rannpháirtíocht in imeachtaí trá
- Rannpháirtíocht in imeachtaí oíche msh céilithe, scoráiochtaí
- Imeacht ar bhád go hOileáin Árinn
- Imeacht ar thurais bus
- Béilte a ithe sna tithe lóistín
- Cóiriú agus glanadh sa Teach Lóistín
- Rannpháirtíocht in imeachtaí eile a bhaineann leis an gColáiste ó am go ham i rith cúrsaí

### Córas Gearáin

Ceartas aiceanta –

Tá na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm: Ceartas Aiceanta agus Gnásanna Cothroma:

Tabharfar sonraí maidir le ceisteanna ar bith don duine lena mbaineann;

Tabharfar deis don duine lena mbaineann freagairt go hiomlán do cheisteanna ar bith

Tabharfar an deis don duine lena mbaineann leas a bhaint as an gceart ionadaíocht a bheith acu le linn an ghnáis;

Beidh sé de cheart ag an duine lena mbaineann cinneadh cóir agus neamh chlaonta a fháil i leith na gceisteanna bainteacha

Beidh córas gearáin leagtha amach do thuismitheoir agus beidh cead acu ag am ar bith roimh, le linn nó tar éis an chúrsa feidhm a bhaint as an gcóras seo.

Cuirfear an t-eolas seo ar aghaidh ag an Roinn.

## **Nótaí Treorach**

Tá freagracht reachtúil ar FSS faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 chun leas agus cosaint leanaí a chur chun cinn. Tá dualgas ar FSS dá réir sin faisnéis a fháil faoi leanbh ar bith nach bhfuil cúram nó cosaint leor mhaith á fháil aige nó aici.

Tá an Fhoirm Thuairiscithe seo le húsáid ag:

- Aon oibrí gairmiúil, duine aonair nó grúpa ar bith atá rannpháirteach sna seirbhísí do leanaí agus atá feasach ar ábhar imní faoi chosaint nó leas leanaí, nó lenar tuairiscíodh ábhar imní faoi chosaint nó leas leanaí.
- Gairmithe agus daoine aonair atá ag obair i soláthar na seirbhísí um chúram leanaí sa phobal, agus a bhfuil conarthaí seirbhíse acu le FSS.
- Daoine ceaptha i ngníomhaireacht dheonach nó phobail.

Líon isteach an oiread eolais agus sonraí atá ar eolas agat le do thoil. Cuideoidh sé seo le Roinn na hOibre Sóisialta an leibhéal riosca don leanbh nó na seirbhísí tacaíochta atá riachtanach a mheasúnú. Mura bhfuil an fhaisnéis iarrtha ar eolas agat, is féidir é seo a chur in iúl le líne a chur tríd an gceist. Is iondúil go ndéanfaidh oibrí sóisialta teagmháil leat chun do thuairisc a phlé. Tá sé mar aidhm ag FSS oibriú i gcompháirt le thuismitheoirí. Má tá an tuairisc seo á dhéanamh agat faoi rún, ba chóir duit a shonrú nach féidir le FSS rúndacht iomlán a rathú ar na cúiseanna a leanas:

- D'fhéadfadh Cúirt ordú a thabhairt go nochtfaí an fhaisnéis.
- Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, d'fhéadfadh an Coimisinéir um Shaoráil Faisnéise ordú a thabhairt go ndéanfaí faisnéis a nochtadh. Ba chóir go mbeadh a fhios agat chomh maith nuair atá 'tuairisc bona fide' á dhéanamh agat, go bhfuil cosaint agat faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine A Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998.

Mura bhfuil tú cinnte ar chóir duit na hábhair imní atá agat a thuairisciú, cuir gloch ar an oibrí sóisialta FSS ar dualgas agus déan na hábhair imní atá agat a phlé leo (*féach Aguisín 2 le haghaidh liosta iomlán na n-oifigí FSS go náisiúnta*).

## **Tagairtí**



An Chomhairle Mhúinteoireachta  
The Teaching Council

Bealtaine 2012

Report of the Gaeltacht Placement Working Group to the Teaching Council

<http://www.teachingcouncil.ie/fileupload/Teacher%20Education/Gaeltacht%20Placement/GaeltachtPlacementen.pdf>

Department of Children and Youth Affairs (2011) *Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children*. Dublin: Stationery Office.

Available at: [http://www.dcy.gov.ie/documents/child\\_welfare\\_protection/ChildrenFirst.pdf](http://www.dcy.gov.ie/documents/child_welfare_protection/ChildrenFirst.pdf)

[http://www.sphe.ie/childprodownloads/sphe\\_chilpro\\_05\\_irish.pdf](http://www.sphe.ie/childprodownloads/sphe_chilpro_05_irish.pdf)

Health Service Executive (2011) *Child Protection and Welfare Practice Handbook*. Dublin: Stationery Office. Available at:

<http://www.hse.ie/eng/services/Publications/services/Children/WelfarePractice.pdf>

Volunteer Now / DHSSPS – N.I. (2009) *Getting it Right – Standards of practice for the protection of Children and young people*, (3<sup>rd</sup> Edition). Available at:

<http://www.volunteernow.co.uk/fs/doc/publications/getting-it-right-standards-of-practice-for-protection-of-cyp.pdf>

Department of Health and Children (2002) *Our Duty to Care - The Principles of Good Practice for the Protection of Children and Young People*. Dublin: Stationery Office.

Available at: [http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC\\_Full\\_Eng.pdf](http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC_Full_Eng.pdf).

Fact sheets available at: [http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC\\_FactSheets\\_Eng.pdf](http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC_FactSheets_Eng.pdf)

An Roinn Sláinte agus Leanáí (2002)

Ár nDualgas Cúraim (2002) Prionsabail an deá-chleachtais chun cosaint a thabhairt do leanáí

agus do dhaoine óga

[http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC\\_Full\\_Report\\_GA.pdf](http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/ODTC_Full_Report_GA.pdf)

Government of Ireland (2000) *The National Children's Strategy: Our Children - Their Lives*. Stationery Office, 2000.

Available at:

<http://www.dcy.gov.ie/documents/Aboutus/stratfullenglishversion.pdf>

The SRF is available to download at: [www.hse.ie/go/childrenfirst](http://www.hse.ie/go/childrenfirst)

Further information available at: [www.hse.ie/go/childrenfirst](http://www.hse.ie/go/childrenfirst)

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta 2013

*Polasaí Cosaint Leanaí*

<http://www.ahg.gov.ie/ie/EolasfaoinRoinn/PolasaíCosaintLeanaí/Child%20Protection%20Policy%20IRISH.pdf>

Gael-Linn Teo 2013

*Treoirínte Ginearálta maidir le sábháilteacht agus cosaint páistí/daoine óga agus iad faoi chúram na heagraíochta*

[www.gaeilge.ie/.../Cod\\_Cleachtais\\_um\\_Chumhdach\\_Leanaí\\_Leasuithe](http://www.gaeilge.ie/.../Cod_Cleachtais_um_Chumhdach_Leanaí_Leasuithe)

*An Roinn Oideachais agus Scileanna*

*Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*

[http://www.sphe.ie/childprodownloads/sphe\\_chilpro\\_04\\_irish.pdf](http://www.sphe.ie/childprodownloads/sphe_chilpro_04_irish.pdf)